# Gaeilge na Sraithe Sóisearaí – T1 MRB 2
# Sampla de Shaothar Scoláirí 01

## Ócáid mheasúnaithe: MRB2 Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

**Teideal an tSaothair: Seó Tallainne na hÉireann:** An scoláire atá á mheas ná an buachaill atá ina shuí sa lár.

**An tasc a bhí á mheas:** Seó agus agallamh bunaithe ar chleasanna theaghlaigh thar na glúinte agus ar an bhfilíocht áitiúil.

**Formáid:** Ról-imirt

## Torthaí foghlama as an aonad foghlama a roghnaíodh don mheasúnú:

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**Éisteacht**

**1.1** ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint

**Léamh**

**1.10** léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt

**Labhairt**

**1.14** téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa

**1.15** comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar

**1.18** a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

**Idirghníomhú cainte**

**1.19** páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá

**1.20** idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla

**1.23** smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine

**Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

**2.4** an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide

**Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na foghlama**

**3.8** tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga

# Eispéireas teagaisc agus foghlama:

Mhair an tasc idirghníomhach seo 8:14. Bhí go leor saoirse, solúbthachta agus roghanna ar fáil do na scoláirí agus iad ag gabháil don Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rud a thug deis do na scoláirí a gcuid scileanna labhartha a chur chun cinn chomh maith lena scileanna féinriair a fhorbairt. Bhí píosa cainte ar ábhar a raibh spéis ag na scoláirí iontu á phlé acu, seó tallaine agus agallamh bunaithe ar chleasanna theaghlaigh thar na glúinte agus ar an bhfílíocht áitiúil. Bhí treoir sa ghrúpa agus bhí ar a laghad 2 nóiméad cainte an duine móide 2 nóiméad idirghníomhú leis an múinteoir agus le comhscoláirí faoin seó.

## Ullmhúchán an scoláire:

D'éist na scoláirí le heolas agus treoir ghinearálta ón múinteoir faoina bhfuil i gceist le MRB 2. Bhí treoir curtha in airde dóibh ar an OneNote ranga (Fillteán ar líne le codanna ann – spás ranga agus spás aonarach do gach scoláire) atá agam don rang. Bhí plé agus smaoineamh ar na deiseanna agus na féidearthachtaí. Ansin bhí taighde déanta ag na scoláirí chun an bunsmaoineamh a bhí acu a fhorbairt. Is ag an bpointe seo a chuaigh an scoláire áirithe sa lár i mbun scríbhneoireachta ar dhán nua. Bhí script curtha le chéile ag na buachaillí agus an píosa cainte á chumadh acu (torthaí foghlama 1.26 agus 1.32). Bhí dréachtú déanta acu ar an obair agus aiseolas faighte acu ón múinteoir roimh chur i láthair a dhéanamh don taifead.

Rinne an buachaill seo roinnt mhaith dréachtú agus athdhréachtú agus é ag cumadh a dhán féin. Roghnaigh sé an seánra filíochta as na seánraí eile cé go bhfuil taithí aige ag scríobh píosa filíochta sna hábhair eile agus taitníonn sé leis. Bhí grá dá áit dhúchais agus a cheantar cónaithe mar chroílár an phíosa.

# Nótaí tráchta an mhúinteora i dtaca leis na Gnéithe Cáilíochta do MRB2:

## Cumas cumarsáide:

Bhain an scoláire seo úsáid as teanga nádúrtha agus é ag cur píosa filíochta a chum sé féin i láthair. Léirigh sé tuiscint ar na ceisteanna sa chomhrá, cé gur thug sé freagraí gairide simplí.

## Tuiscint agus cumas idirghníomhaithe cainte:

Lean sé treoir an agallóra sa seó agus d'fhreagair sé na ceisteanna ar fad faoi na cúiseanna gur shocraigh sé tabhairt faoin bpíosa filíochta seo ar an gcéad dul síos, cé go raibh cuid de na freagraí an-ghairid.

## Feasacht teanga:

Bhí ardchaighdeán maidir le feasacht teanga agus tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga. Thug sé faoi fhéincheartú cé go raibh cúpla botún ann m.sh. briathra agus comhréir na teanga.

**Tuairiscín:** Ag teacht leis na hionchais

Thar barr ar fad | Os cionn na n-ionchas | Ag teacht leis na hionchais | Níor chomhlíon na hionchais go fóill